# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic.**
Tá na topaicí seo roinnte mar leanas:
Topaicí 1 – 5 = **CUID A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 – 10 = **CUID B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic,** mar leanas:
**dhá** thopaic as **CUID A;**
**dhá** thopaic as **CUID B;**
an **cúigiú** topaic as **CUID A** nó **B.**

Tá 80 marc ag dul do gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 x 5) = 400.

Cuirtear fótagraif, a bhfuil gá leo le roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **CUID A – An Saol Gréagach** | **CUID B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Mícéine agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé. |
| Topaic 5: Acrapail na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |



[Thall

# CUID A

## An Saol Gréagach

**Topaic I: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – *(a), (b)* agus *(c).*

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Nuair a thagann Chryses ag iarraidh go scaoilfí a iníon saor, cén **dá** rud a thugann sé leis?

(ii) De réir Aichill, cén fáth nach féidir leis na hAcaeigh duais eile a aimsiú d'Agaimeamnón in áit Chryseis?

(iii) Nuair a thagann Eachtar ar ais go dtí an Traí tar éis an chatha, cad a iarrann sé ar Héilin a dhéanamh?

(iv) I ndiaidh bhás Sarpedon iompraítear abhaile é. Cá bhfuil a bhaile?

(v) Cén mionn a iarrann Eachtar ar Aichill a thabhairt nuair a thugann sé aghaidh air taobh amuigh de bhallaí na Traí?

(vi) Cén sórt bréagriocht a raibh Hermes faoi nuair a cuireadh é chun Priam a threorú? (24)

(*b*) (i) I Leabhar 6 den **Iliad**, cad a iarrann Andromache ar Eachtar a dhéanamh? (8)

(ii) An aontaíonn Eachtar lena hachainí? (8)

(iii) Cad iad na cúiseanna a thugann Eachtar lena fhreagra? (8)

(iv) I Leabhar 6 den **Iliad**, cén ghuí a dhéanann Eachtar ar son a mhic bhig? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas ó Leabhar 4 den **Iliad**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Is mar sin a labhair sé, agus chuaigh Agaimeamnón ar aghaidh, agus é sásta go maith. Agus é ag dul tríd an slua fear, chas sé ar an mbeirt deartháireacha, Ajax agus Teucer. Bhí an bheirt acu ag cur a gclogaid orthu agus bhí scamall de shaighdiúirí coise ar a gcúl. Mar a fheiceann aoire gabhar óna ionad faire scamall ag teacht trasna na farraige á ruaigeadh ag gaoth aniar agus í ag búiríl; tá an t-aoire gabhar píosa ar siúl ach, chomh dubh le pic, tagann an scamall ina threo trasna na farraige agus cuaifeach ina dhiaidh. Agus critheann sé nuair a fheiceann sé é agus tiománann a thréada isteach i bpluais – is mar sin a bhí na ranganna dlútha d'fhir óga a tógadh in Oilimpia faoin mbeirt deartháireacha, dorcha, iad colgach le sciatha agus sleánna agus iad ag gluaiseacht leo chun catha.

(i) Sainaithin an tsamhail sa sliocht seo. (8)

(ii) An dóigh leat gur samhail mhaith í? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(iii) Tabhair sampla de shamhail **amháin** eile atá léite agat san **Iliad** a bhaineann leis an nádúr. (8)

(80 marc)

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – *(a), (b)* agus *(c.)*

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén chomhairle a chuir Hecataeus ar Aristagoras?

(ii) Tar éis Cath Maratóin, cén fáth ar sheol Miltiades go Paros?

(iii) Cén fáth ar thóg muintir Abydos cathaoir ríoga de chloch gheal ar chnoc?

(iv) Cad a d'áitigh Teimisticléas ar na hAithnigh a dhéanamh nuair a fuair siad suim mhór airgid gan choinne ó na mianaigh airgid ghil ag Laurium?

(v) Cén fáth gur thaobhaigh muintir Thessaliae leis na Peirsigh go luath le linn ionradh Xerxés?

(vi) Tar éis an chatha ag Thermopylae, cén t-iontas a bhain leis an gcaoi ar chaith Xerxés le corp rí na Spartach, Leonadas?

(24)

(*b*) (i) Tabhair **dhá** chúis gur shocraigh Xerxés ar ionradh a dhéanamh ar an nGréig. (8)

(ii) Cén chaoi ar chuidigh na Spartaigh chun an bua a fháil ar Xerxés? (8)

(iii) Conas a chuidigh na hAithnigh chun an bua a fháil ar Xerxés? (8)

(iv) Cé acu a b'fhearr leat a bheith déanta agat, troid in arm na nAithneach nó in arm na Spartach? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Leabhair Staire** le Heireadótas, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Scríobh muintir Lidia freagra an bhansagairt síos agus thug ar ais go Sardis é. Nuair a tháinig na teachtairí eile ar ais leis na freagraí a bhí faighte acu, d'oscail Créasas na rollaí go léir agus léigh an méid a bhí scríofa iontu. Ní raibh éifeacht ar bith ag aon cheann air ach amháin an ceann ina raibh an freagra as Deilfe. Ach níor thúisce an ceann sin léite dó ná gur ghlac sé leis le hurraim mhór, agus é á rá gurbh é aitheascal Deilfe an t-aon aitheascal fíor ar domhan, toisc gur éirigh leis a fháil amach cad a bhí á dhéanamh aige. Agus go deimhin d'éirigh leis; mar tar éis dó na teachtairí a chur chun bealaigh, smaoinigh Créasas ar rud éigin nach mbeadh duine ar bith in ann a thomhas, agus lena dhá láimh féin, agus é ag coinneáil leis an dáta réamhshocraithe, rinne sé sceanairt ar thoirtís agus ar uan agus bhruith sé iad le chéile i gcoire cré-umha ag a raibh claibín cré-umha.

(i) Cad is aitheascal ann? (6)

(ii) Sa sliocht seo, cén fáth a bhfuil an meas is mó ag Créasas, Rí Lidia, ar an aitheascal ag Deilfe? (8)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar Heireadótas, déan cur síos go hachomair ar ócáid **amháin** eile nuair a chuathas i gcomhairle leis an aitheascal ag Deilfe. (10)

(80 marc)

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – *(a), (b)* agus *(c.)*

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Tabhair cúis **amháin** go gceapann Sócraitéas nach óráidí é.

(ii) "Téann Sócraitéas ag guairneán thart agus é ag fógairt go bhfuil sé ag aoibheall agus cuid mhaith seafóide eile á rá aige." Ainmnigh an dráma ina ndeirtear gur tharla sé sin. Ainmnigh údar an dráma.

(iii) Cén fáth go ndearna Sócraitéas iarracht fear críonna a aimsiú?

(iv) Dearbhaíonn Sócraitéas nach bhfuil le déanamh ag fear "ach machnamh ar aon rud amháin nuair a bhíonn gníomh á dhéanamh aige". Cad é an t-aon rud sin?

(v) Cén fáth ar chuir na hÁithnigh long go Delos gach bliain?

(vi) Cén freagra a thug Sócraitéas nuair a d'fhiafraigh Crito de, "Cá ndéanfaimid tú a adhlacadh"? (24)

(*b*) Samhlaigh gur Aithneach óg tú san am a mbíodh Sócraitéas ag múineadh san Aithin.

(i) Ón léitheoireacht atá déanta agat, tabhair **dhá** chúis go mba mhaith leat staidéar a dhéanamh leis. (12)

(ii) Tabhair **dhá** chúis go mb'fhéidir nach mbeadh d'athair sásta tú a bheith ag staidéar leis. (12)

(iii) Cén fáth ar dhiúltaigh Sócraitéas éalú ón bpríosún? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Cuimhní ar Shócraitéas** le Seineafón, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

LAMPROCLES: Ach ní dúirt mé ná ní dhearna mé rud ar bith a chuir náire uirthi mar gheall orm . . .

SÓCRAITÉAS: Tá tú i bhfeirg le do mháthair mar sin, cé go bhfuil a fhios agat, is cuma cad a deir sí, nach bhfuil aon olc aici duit. A mhalairt ar fad, teastaíonn uaithi go ndéanfá go maith, thar aon duine eile. Ní dóigh leat cinnte go mothaíonn sí aon olc duit, an dóigh?

LAMPROCLES: Ó, ní dóigh liom.

SÓCRAITÉAS: Mar sin, an mháthair seo atá agat, tá dea-mhéin aici duit, tugann sí cúram banaltrachta duit nuair a bhíonn tú tinn go dtí go bhfilleann do shláinte, déanann sí deimhin de nach mbíonn easpa ar bith ort, agus lena chois sin, cuireann sí paidreacha agus tugann sí gealltanais do na déithe le go mbeannófar tú. Mar sin féin, deir tú gur mór an crá croí duit í. Is é mo thuairim munar féidir leat máthair mar í a sheasamh, nach féidir leat rud ar bith atá go maith duit a sheasamh.

(i) Cad a thugann tú ar an stíl argóinte a bhfuil Sócraitéas ag baint úsáide aisti sa chomhrá sa sliocht thuas? (8)

(ii) Sa sliocht, conas a dhéanann Sócraitéas iarracht a thaispeáint go bhfuil sé mícheart do Lamprocles a bheith feargach lena mháthair? (8)

(iii) An dóigh leat go bhféadfadh Lamprocles a bheith crosta toisc gur chuir Sócraitéas an chomhairle sin air? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 4: Mícéine agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – *(a), (b)* agus *(c.)*

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar íobair Agaimeamnón a iníon, Iphigenia?

(ii) Sa chomórtas don Úll Órga, cén bhreab a thairg Afraidíte do Pharis?

(iii) Cén t-ainm a thugtar de ghnáth ar an réigiún mórthimpeall Mícéine?

(iv) Ainmnigh rí na Traí agus **duine** dá chuid mac le linn Cogadh na Traí.

(v) Cad a léirítear i bhFótagraf **1** ar Pháipéar **X**?

(vi) Cad a léirítear i bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**? (24)

(*b*) (i) De réir Heinrich Schliemann, cad é an rud sa Traí is túisce ar chuir sé spéis ann? (8)

(ii) Dar leat, cérbh é an rud ba thábhachtaí a d'aimsigh Schliemann ag an Traí? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(iii) Dar leat, cérbh é an rud ba thábhachtaí a d'aimsigh sé ag Mícéine? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(iv) Luaigh botún **amháin** a rinne Schliemann dar leat ina chuid tochailtí. (8)

(*c*) Déan staidéar ar Fhótagraf **3** ar Pháipéar **X**, agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas

(i) Déan staidéar ar na fíoracha atá ar an vása agus déan cur síos ar conas a bhí saighdiúir na linne sin gléasta **agus** armtha. (12)

(ii) An dóigh leat go mbeadh saighdiúirí cosúil leo siúd ar an vása in ann cathair ar nós na Traí, a raibh balla ina timpeall, a ghabháil? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iii) Cén fáth gur foinse an-tábhachtach eolais í an photaireacht do sheandálaithe? (6)

(80 marc)



**[Thall**

**Topaic 5: Acrapail na hAithine.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén státaire Gréagach a bhí freagrach as an bPartanón a thógáil?

(ii) Cén fáth a raibh an Partanón tiomnaithe d'Aitéine?

(iii) Cad ba *peplos* ann?

(iv) Cén ceangal a bhí idir Conradh Déiliach agus tógáil an Phartanóin?

(v) Cérbh é an ceangal a bhí idir an dia Poiséadón agus an Erechtheum?

(vi) Cad a léirítear i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**? (24)

(*b*) (i) Cérbh é an Panathenaea Mór? (8)

(ii) Cé chomh minic a tharla sé? (8)

(iii) Luaigh **trí** ghrúpa daoine a ghlac páirt sa mhórshiúl. (8)

(iv) Cá bhfeicimid eolas faoin imeacht seo? (8)

(*c*) (i) Cén t-ainm a thugtar ar na hachair thriantánacha dealbhóireachta a léirítear i bhFótagraf **5** ar Pháipéar **X**? (6)

(ii) Cá mbeadh na hachair thriantánacha seo le fáil ar theampall? (Tá cead agat sceitse a úsáid mar fhreagra). (6)

(iii) Mínigh scéal **ceachtar** de na pictiúir i bhFótagraf **5**. (6)

(iv) Cén fáth go raibh an-scil ag teastáil ón dealbhóir chun snoíodóireacht mar sin a dhéanamh? (6)

(80 marc)

# CUID B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Nuair a thagann Aeinéas i dtír ar chósta na hAfraice Thuaidh, cé hé an chéad duine a bhuaileann leis?

(ii) Cad a fheiceann Aeinéas i gcathair nua na Cartaige a thugann dóchas dó ar dtús maidir leis an am atá le teacht.

(iii) Cérbh é Eachtar? Cad a ordaíonn sé d'Aeinéas a dhéanamh?

(iv) Cad a chuireann ina luí ar Anchises sa deireadh an Traí a fhágáil?

(v) Cérbh é Iarbas? Cad a theastaigh uaidh go ndéanfadh Díodó?

(vi) Conas a d'aimsigh Aeinéas an Ghéag Órga? (24)

(*b*) (i) Luaigh gníomh **amháin** a chaithfidh Aeinéas a dhéanamh sular féidir leis dul isteach in Íochtar Domhain. (8)

(ii) Déan cur síos ar conas a thrasnaíonn Aeinéas an Stiocs. (8)

(iii) Cén teachtaireacht a thugann a athair, Anchises, d'Aeinéas in Íochtar Domhain? (8)

(iv) Seachas a athair, ainmnigh **beirt** daoine a labhraíonn Aeinéas leo in Íochtar Domhain. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar **1** den **Aeinéid**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> 'Tagaim chugat, a Aeolus, toisc gur thug Athair na nDéithe agus Rí na bhFear an chumhacht duit chun tonnta na farraige a chiúiniú nó iad a ardú le do ghaotha. Tá cine fear ar fuath liom iad ag seoladh muir Thoirian ag iompar Ilium go dtí an Iodáil, chomh maith leis na Penates, a gcuid déithe cloíte. Lasc in airde do ghaotha. Cloígh a gcuid long agus cuir go tóin poill iad. Ruaig a gcabhlach i ngach treo agus scaip a gcoirp ar fud na mara. Tá ceithre nimfeach déag agam den áilleacht is iontaí agus is í Deiopea an nimfeach is áille díobh. Tabharfaidh mé duit í agus ceanglóidh mé tú i gcuing an phósta dhlisteanaigh. Má dhéanann tú an gar seo dom, caithfidh sí a cuid blianta go léir in éineacht leat agus déanfaidh sí athair díot ar pháistí áille.'

(i) Cé a labhraíonn na focail sa sliocht thuas? (6)

(ii) Cé hiad an "cine fear ar fuath liom iad " (líne 2 agus 3)? (6)

(iii) Mínigh cén fáth gur fuath leis an gcainteoir na fir seo. (6)

(v) Conas a dhéanann an cainteoir iarracht a chur ina luí ar Aeolus an achainí seo a dhéanamh? (6)

(80 marc)

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Máiteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cathain a scríobh Plautus a chuid drámaí:
1200 R.C.; 200 R.C.; A.D. 200 ?

(ii) Cérbh iad na hócáidí inar léiríodh drámaí sa Róimh ársa?

(iii) "Is é an t-aon rud ar féidir liom a rá ar a thaobh ná go ndéanann a chócaire sailéad olóige iontach." Cé a labhraíonn na focail sin? Cé leis an cócaire?

(iv) "Déarfaidh mé go bhfuil leathchúpla deirféar ag Philocomasium atá díreach tagtha ón Aithin." Cén fáth go dteastaíonn ó Palaestrio a chur i gcéill go bhfuil leathchúpla deirféar ag Philocomasium?

(v) Cé a bhfuil mar chur síos air gur "eiseamláir de bhéasa meánaosta, leanbh de naíolann Véinis" é?

(vi) "I dtús báire, mar sin, seo comhartha grá duit." Cad é an comhartha grá seo, agus cé hé an t-úinéir a cheaptar a bheith aige? (24)

(*b*) (i) Cén dá bhua ar chreid an saighdiúir maíteach, Pyrgopolynices, fúthu gurbh iad na buanna ba mhó a bhí aige? (8)

(ii) Cén chaoi a bhfuil Pyrgopolynices ceaptha a bheith níos fearr ná Alastar? (8)

(iii) Cad a chiallaíonn an ráiteas seo de chuid Palaestrio: "Is fear é mo mháistir . . . "atá fillte i gcraiceann eilifinte"? (8)

(iv) An bhfuil tréithe maithe ag baint le Pyrgopolynices? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh. Is é an réamhscéal iomlán é as dráma Plautus, **Pseudolus**.

> Réamhscéal: Más mian le duine ar bith seasamh suas agus a chosa a shíneadh, anois an t-am chuige. Is é an chéad mhír eile ar an gclár ná dráma le Plautus – agus ceann fada.

(i) Luaigh cosúlacht amháin **nó** difríocht amháin atá idir an réamhscéal seo agus réamhscéal **An Saighdiúir Maíteach**. (8)

(ii) Luaigh gné neamhchoitianta **amháin** a bhaineann le réamhscéal **An Saighdiúir Maíteach**. (4)

(iii) Cén fáth ar thaitin le drámadoirí coiméide Rómhánacha go mbeadh suíomh Gréagach ag dráma? (8)

(iv) Seachas Plautus, ainmnigh scríbhneoir Rómhánach **amháin** a chuir drámaí Gréagacha in oiriúint don Téatar Rómhánach. (4)

(80 marc)

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Conas a rinne Catulus iarracht a áiteamh ar Chaesar gan seasamh don phost mar *Pontifex Maximus* (Ardsagart)?

(ii) Cad a mhol Caesar go dtarlódh dóibh siúd a bhí páirteach sa Chomhcheilg Chaitilíneach?

(iii) Cén áit a fuair Caesar mar chúige tar éis dó a bheith ina phraetóir?

(iv) Cad iad na tosca inar tuairiscíodh go ndúirt Caesar, "B'fhearr liom a bheith ar an bhfear is airde anseo ná bheith sa dara háit sa Róimh"?

(v) Ainmnigh an cath ar tuairiscíodh go ndúirt Caesar ina dhiaidh, "Tháinig, chonaic agus bhuaigh mé." Cé air a bhfuair Caesar an buasa chath seo?

(vi) Cérbh é an comhartha don ionsaí marfach a rinneadh ar Chaesar i dtéatar Poimpéis.

(24)

(*b*) (i) Cérbh é Ariovistus? (8)

(ii) Cad a d'éirigh le Ariovistus a dhéanamh nuair a d'ionsaigh Caesar é in 58 R.C.? (8)

(iii) Déan cur síos ar conas a thrasnaigh Caesar Abhainn na Réine in 55 R.C. (8)

(iv) Cad a rinne Caesar sa Ghearmáin tar éis dó Abhainn na Réine a thrasnú? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **An Dáréag Caesar** le Suetonius agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Bhí tuairum ag cuid dá chairde, toisc gan aon fhonn maireachtála a bheith air i ngeall ar a shláinte a bheith ag imeacht chun donais, nár ghlac sé réamhchúraimí ar bith, agus go ndearna sé neamhshuim de rabhaidh na bhfear feasa agus de lucht na dea-mhéine. Tá sé tugtha le fios freisin gur chuir sé an oiread sin muiníne i bhforógra deiridh an tSeanaid agus ina mionn dílseachta, ná gur chuir sé uaidh na Spáinnigh armtha a bhíodh mar gharda buan aige go dtí sin.

(i) Tabhair sampla **amháin** as an sliocht thuas maidir le conas a rinne Caesar neamhshuim de rabhadh faoina bhás. (8)

(ii) Cé a chuir ina luí ar Chaesar dul go dtí Teach an tSeanaid an lá a fuair sé bás? (8)

(iii) Cén sórt báis a dúirt Caesar a thaitneodh leis nuair a chuir a chairde ceist air? (8)

(80 marc)

**Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén difríocht a bhí idir scrios na Poimpé in A.D. 79 agus scrios Herculaneum?

(ii) Cén fáth go bhfuil cáil chomh mór sin ar Villa na Rúndiamhra?

(iii) Cén bhaint a bhí ag an nginearál Rómhánach, Sulla, leis an bPoimpé?

(iv) Cén sórt léirithe a tharla san Odeon (téatar beag) sa Phoimpé?

(v) Cad tá léirithe i bhFótagraf **6** ar Pháipéar **X**?

(vi) Cén imeacht atá léirithe i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X**? (24)

(*b*) (i) Cén réigiún den Iodáil ina raibh an Phoimpé suite? (8)

(ii) Cad a bhíodh ar siúl san fhóram sa Phoimpé? (8)

(iii) Tabhair **dhá** chúis go ndeachaigh Rómhánaigh ársa ar laethanta saoire go dtí an Phoimpé. (8)

(iv) Déan cur síos go hachomair ar chineál **amháin** siamsaíochta sa Phoimpé. (8)

(*c*) Léiríonn Fótagraf **8** ar Pháipéar **X** mósáic ar a dtugtar 'An tUrlár Gan Scuabadh'.

(i) Cén sórt eolais faoin saol Rómhánach atá le fáil ón mósáic sin? (8)

(ii) Luaigh sampla de mhósáic ón bPoimpé agus abair cad a insíonn sé dúinn faoin saol sa Phoimpé. (8)

(iii) Ar mhaith leat a bheith i do chónaí sa Phoimpé 2000 bliain ó shin? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) San arm Rómhánach, cad ba chohórt ann?

(ii) Cén cúram a bhí ar cheantúir?

(iii) Cén t-impire a ghlac páirt san ionradh ar an mBreatain in A.D. 43?

(iv) Cad ba *praetorium* ann i ndún Rómhánach?

(v) Cad tá léirithe i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**? Cén fáth ar bhain tábhacht leis don arm?

(vi) Cad tá léirithe i bhFótagraf **10** ar Pháipéar **X**? Cén úsáid a bhaintí as? (24)

(*b*) Samhlaigh gur saighdiúir léigiúnach tú san arm Rómhánach. Tá tú ag iarraidh a chur ina luí ar do dheartháir dul isteach san arm. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Luaigh **dhá** rud a thaitníonn leat faoin saol i gcampa airm. (8)

(ii) Déan cur síos go hachomair ar an gcúis go gceapann tú go mb'fhéidir go ndéanfaí ceantúir díot go luath. (8)

(iii) Luaigh **dhá** rud ar a gcaitheann tú do phá. (8)

(iv) Tabhair cur síos achomair ar conas a throid tú i do chath deiridh. (8)

(*c*) Léiríonn Fótagraf **11** ar Pháipéar **X** athdhéanamh de léigiúnach ina chathéide. Déan staidéar ar an bhFótagraf agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cad as a bhfuil clogad an léigiúnaigh déanta, agus conas a bhí sé deartha chun cosaint a thabhairt. (8)

(ii) Cén chlisteacht speisialta a bhain le dearadh armúr an choirp? (8)

(iii) Tabhair cur síos achomair ar conas a d'oibrigh sleá **nó** sciath léigiúnaigh i gcath. (8)

(80 marc)

# Leathanach Bán